



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Tuairisc ar anailís ar shonraí ó phríomhoidí Deireadh Fómhair agus Samhain 2020

An Chigireacht  
An Roinn Oideachais  
Feabhra 2021

## Clár ábhair

<b>1. Réamhrá .....</b>	<b>3</b>
<b>2. Forbhreathnú ar na rannpháirtíochtaí le scoileanna .....</b>	<b>4</b>
2.1 Aidhmeanna na seisiún comhairleach .....	4
<b>3. Modheolaíocht .....</b>	<b>5</b>
3.1 Modheolaíocht samplála .....	5
3.2 Anailís ar shonraí .....	5
3.3 Teorainneacha an staidéir .....	6
<b>4. Teachtairreachtaí Lárnacha.....</b>	<b>7</b>
4.1 Forbhreathnú ar theachtairreachtaí lárnacha .....	7
4.2 Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú .....	8
4.2.1 Éachtaí .....	9
4.2.2 Dúshláin .....	11
4.2.3 Sintéis na bpríomhphointí .....	15
4.2 An curaclam a sheachadadh sa scoilbhliain 2020/21 .....	15
4.2.1 Éachtaí .....	15
4.2.2 Dúshláin .....	18
4.2.3 Sintéis na bpríomhphointí .....	22
4.3 Folláine phobal na scoile a chur chun cinn .....	22
4.3.1 Éachtaí .....	22
4.3.2 Dúshláin .....	24
4.3.3 Sintéis na bpríomhphointí .....	27
<b>5. Réimsí a sainithníodh ina dteastaíonn tuilleadh comhairle ó scoileanna agus ionaid .....</b>	<b>28</b>
<b>6. Príomhthorthaí .....</b>	<b>30</b>
<b>7. Príomhchonclúidí.....</b>	<b>32</b>
<b>Aguisín 1 .....</b>	<b>33</b>
<b>Aguisín 2 .....</b>	<b>35</b>
<b>Aguisín 3 .....</b>	<b>39</b>
<b>Aguisín 4 .....</b>	<b>42</b>

---

# 1. Réamhrá

Tugann an tuairisc seo anailís ar shonraí ó sheisiúin chomhairleacha na Cigireachta le príomhoidí agus ceannairí scoile eile le linn na tréimhse 28 Meán Fómhair 2020 go 27 Samhain 2020. Rinneadh formhór na seisiún seo ar an bhfón nó ar líne. Rinneadh líon beag duine le duine.

Is é cuspóir na hanailíse seo:

- Forbhreathnú a sholáthar ar na héachtaí agus na dúshláin a bhí ag scoileanna sa tréimhse Deireadh Fómhair-Samhain 2020 tar éis scoileanna a athoscailt i Meán Fómhair 2020.
- Na príomhréimsí a dtugann scoileanna tosaíocht dóibh a aithint le haghaidh tuilleadh comhairle agus tacaíochta.

Tá an tuairisc seo ar cheann de shraith tuarascálacha ar ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna i rith na scoilbhliana 2020/21.

---

## **2. Forbheathnú ar na rannpháirtíochtaí le scoileanna**

### **2.1 Aidhmeanna na seisiún comhairleach**

Ba é ceann de phríomhfhócais rannpháirtíocht na Cigireachta le scoileanna sa chéad téarma den scoilbhliain 2020/21 ná comhairle agus tacaíocht a sholáthar do phríomhoidí de réir mar a athosclaíodh scoileanna. Leagadh amach aidhmeanna na seisiún comhairleach i gCiorclán 0040/2020 (Bunscoil) agus i gCiorclán 0041/2020 (Iar-bhunscoil). Le linn seisiúin chomhairleacha, thairg cigirí comhairle agus tacaíocht do phríomhoidí agus do cheannairí scoile eile sna réimsí seo a leanas:

- Tacú le folláine foghlaimoirí agus foirne
- An curaclam a sheachadadh i rith na scoilbhliana 2020/21
- Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú.

## 3. Modheolaíocht

### 3.1 Modheolaíocht samplála

Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla randamach (thart ar 60%) de na 2,985 seisiún comhairleach a reáchtáladh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le linn na tréimhse 26 Meán Fómhair go 30 Samhain 2020. Áiríodh sa tacar sonraí deiridh scoileanna meán Gaeilge, scoileanna speisialta, agus scoileanna atá rannpháirteach i gComhionannas *Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh* (DEIS), plean gníomhaíochta na Roinne um chuimsiú oideachais. Chomh maith leis seo, tá sonraí sa tuairisc ó ochtó a seacht seisiún comhairleach a rinneadh le hionaid Ógtheagmhála sa tréimhse chéanna. Tá an anailís sa tuairisc seo bunaithe ar líon na scoileanna agus na n-ionad mar a thaispeántar sa tacar sonraí deiridh thíos:

Earnáil	Deireadh Fómhair	Samhain	Deiridh
Bunscoil	888	565	1453
Iar-bhunscoil	244	56	300
Ionad Ógtheagmhála	77	10	87
Iomlán	1209	631	1840

### 3.2 Anailís ar shonraí

Sa chéad bhabhta códaithe nó aicmithe sonraí, roinneadh éachtaí agus dúshláin i réimsí leathana mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

Córas aicmithe sonraí a úsáidtear sa chéad chiseal anailíse
Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú
An curaclam a sheachadadh i rith na scoilbhliana 2020/21
Tacú le folláine foghlaimeoirí agus foirne
Eile

Cé go raibh na réimsí leathana cosúil leis na réimsí a úsáideadh in anailís Mheán Fómhair, bhí difríochtaí beaga sna cóid nó sna fo-ábhair a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar éachtaí agus ar dhúshláin aonair. De réir mar a tháinig téamaí nó saincheistanna breise chun cinn ó shonraí Dheireadh Fómhair agus Shamhna, rinneadh na cóid ó Mheán Fómhair a bheachtú, a leathnú nó a eisiamh de réir mar ba ghá. Cuireadh córas i bhfeidhm chun iontaofacht agus comhsheasmhacht a chinntiú a raibh comhordú, anailís agus athbhreithniú piaraí ar thacair sonraí i gceist leis.

### 3.3 Teorainneacha an staidéir

Cé go bhfuil an sampla sa staidéar seo an-mhór, tá foinse na faisnéise teoranta do phríomhoidí agus do cheannairí scoile eile. Ní chuirtear tuairimí ball eile de phobail scoile mar mhúinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí san áireamh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann na sonraí le díospóireachtaí le príomhoidí a bhí ag machnamh ar a dtaithí ó thús na scoilbhliana 2020/21. Ba cheart cuimhneamh ar an difríocht i méid an tsampla idir bunscoileanna (n=1453), iar-bhunscoileanna (n=300) agus ionaid Ógtheagmhála (n=87)<sup>1</sup> agus an tuairisc seo á léamh agus comparáidí díreacha á ndéanamh idir bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus Ionaid Ógtheagmhála.

---

<sup>1</sup> Léiríonn na hochtó a seacht n-ionad dá dtagraítear sa tuairisc seo sampla 79% de líon iomlán na n-ionad Ógtheagmhála go náisiúnta (n=110).

---

## 4. Teachtairachtaí Lárnacha

### 4.1 Forbhreathnú ar theachtairachtaí lárnacha

Forbhreathnú ar chroitheachtairachtaí:

- 1) Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú
- 2) An curaclam a sheachadadh i rith na scoilbhliana 2020/21
- 3) Tacú le folláine foghlaimeoirí agus foirne

Bhí rath agus dúshlán do scoileanna, d'ionaid agus don chóras i gcoitinne i gceist le teachtairachtaí lárnacha ó na trí réimse seo.

Ba é an rath a bhí le tuairisciú go minic ag príomhoidí/comhordaitheoirí ionaid (n=1320) ar fud na réimsí seo ná go raibh scoileanna agus ionaid athoscailte agus ag feidhmiú go sábháilte. Ba é an dara rath is minice a tuairiscíodh (n=847) ná cineál na gcaidreamh agus na gcleachtas cumarsáide laistigh de phobal na scoile/an ionaid. Bhain an tríú rath is minice a tuairiscíodh (n=829) le folláine ghinearálta phobal na scoile/an ionaid agus/nó saincheisteanna a bhaineann le hiompar foghlaimeoirí, mar an bealach a rinne foghlaimeoirí idirghníomhú agus freastal ar a gcuid oibre le linn lá na scoile/an ionaid. Cuirtear an miondealú iomlán ar na héachtaí a thuairiscigh príomhoidí/comhordaitheoirí i láthair in Aguisín 1.

Ba é folláine, lena n-áirítear imní faoi COVID-19 i measc bhaill de phobal na scoile, an dúshlán ba mhinice a thuairiscigh príomhoidí/comhordaitheoirí (n=544). Mar a tharla sna torthaí i dtuairisc Mheán Fómhair 2020 na Cigireachta<sup>2</sup>, lean an ganntanas in infhaighteacht múinteoirí ionaid agus múinteoirí gearrthéarmacha eile ag tabhairt dúshlán shuntasacha do scoileanna. Bhain an chéad réimse eile is minice a luaitear le saincheisteanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim, mar ghnóthachtáil foghlaimeoirí agus soláthar a dhéanamh do raon riachtanas na bhfoghlaimeoirí (n=330). Is féidir liosta iomlán na ndúshlán in ord leitheadúlachta a fheiceáil in Aguisín 2.

---

<sup>2</sup> Cuireann an tuairisc seo anailís ar shonraí ó sheisiúin chomhairleacha na Cigireachta i láthair le príomhoidí agus ceannairí scoile eile le linn na tréimhse 01 Meán Fómhair 2020 go 25 Meán Fómhair 2020, tá sé ar fáil ag <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/atosu-scolaiochta-fomhar-2020-tuairisc-ar-anailis-sonrai-o-phriomhoidi/>.

## 4.2 Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú

Éachtaí a bhaineann le prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú	Freagraí ó phríomhoidí bunscoile <sup>3</sup>	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Líon iomlán na bhfreagraí <sup>4</sup>
An scoil a athoscailt/timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú agus a chur chun cinn	1077 (74%)	198 (66%)	45 (52%)	1320
Comhlíonadh phobal na scoile le prótacail	409 (28%)	101 (34%)	18 (21%)	528
Tacaíochtaí ón Roinn Oideachais	176 (12%)	28 (9%)	2 (2%)	206
Tacaíochtaí ó ghníomhaireachtaí eile	61 (4%)	20 (7%)	16 (18%)	97
Soláthar lúil/campaí samhraidh	29 (2%)	3 (1%)	N/A	32

<sup>3</sup> Tagraíonn na figiúirí seo do líon na bpríomhoidí i ngach earnáil a thuairiscigh gur éirigh leo sa réimse seo. Baineann na céatadán le cion na mbunscoileanna, na n-iar-bhunscoileanna nó na n-ionad Ógtheagmhála a thuairiscigh gur éirigh leo sa cheantar. Úsáidtear cur chuige comhchosúil chun sonraí a chur i láthair i réimsí eile a bhaineann le héachtaí a dtacaíonn príomhoidí agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála leo le linn na tuarascála.



## 4.2.1 Éachtaí

### *An próiseas athoscailt scoile-timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre*

Ba é an freagra ba mhinice a fuarthas sa réimse seo ná go raibh príomhoidí sásta gur éirigh go maith leis an bpróiseas athoscailt scoile agus le timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chur chun cinn. Tá sé seo ag teacht le torthaí thuarascáil Mheán Fómhair 2020 na Cigireachta ar shonraí ó phríomhoidí, áit ar thuairiscigh beagnach gach príomhoide bunskoile agus iar-bhunscoile éachtaí maidir le hathoscailt shábháilte a gcuid scoileanna. I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2020, thuairiscigh tromlach na bpríomhoidí bunskoile (74%) agus iar-bhunscoile (66%) éachtaí maidir le hathoscailt shábháilte a gcuid scoileanna. Thuairiscigh díreach os cionn leath de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála (52%) éachtaí sa réimse seo. Thagair príomhoidí/comhordaitheoirí de ghnáth don mhéid a chuidigh leibhéal arda pleanála agus ullmhúcháin leis an athoscailt rathúil. Thug siad dá n-aire go raibh mothú ord, slándála agus socair do phobal na scoile mar thoradh ar na bearta nua atá i bhfeidhm faoi phlean feidhmithe COVID-19, agus rinne siad cur síos ar chur i bhfeidhm rathúil na nósanna imeachta agus na ngnáthamh nua seo ag foghlaimeoirí agus baill foirne.

### *Comhlíonadh leis an raon prótacal a bhaineann le COVID*

Ba é an dara rath is minice a tuairiscíodh i gcur chun cinn timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a bhaineann le comhlíonadh phobal na scoile leis an raon prótacal a bhaineann le COVID, mar shampla iad siúd a bhaineann le caitheamh cumhdaigh aghaidhe, agus treoirínte maidir le fadú fisiceach. Labhair díreach os cionn an ceathrú cuid de phríomhoidí bunskoile (28%), thart ar aon trian (34%) de phríomhoidí iar-bhunscoile, agus an cúigiú cuid (21%) de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála go dearfach faoin gcaoi a raibh a bpobal scoile/lárionaid ag obair le chéile chun na rioscaí a bhaineann leis an víreas a íoslaghdú. De ghnáth, mhol na freagraí baill foirne, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí as a gcloí le bearta coisctheacha na scoile/an ionaid. Thuairiscigh scoileanna agus ionaid go raibh gá le monatóireacht leanúnach ar ghnáthaimh agus ar phrótacaíl chun a chinntiú go gcoinnítear na hardchaighdeáin seo. Chuir na torthaí béim ar mhúinín na bpríomhoidí/na gcomhordaitheoirí go raibh an raon beart atá i bhfeidhm ag obair go maith agus go dtacaíonn pobal na scoile/an lárionaid go mór leis na bearta sin.

### *Tacaíochtaí*

Ag leibhéal na bunskoile agus na hiar-bhunscoile, thuairiscigh an tríú rath is minice ó phríomhoidí i dtimpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chur chun cinn a bhaineann leis na tacaíochtaí a sholáthraíonn an Roinn Oideachais. Chuir thart ar an deichiú cuid de phríomhoidí bunskoile (12%) agus iar-bhunscoile (9%) béim ar thábhacht an raon acmhainní a sholáthraíonn an Roinn dóibh chun tacú le hathoscailt iomlán agus oibriú shábháilte a scoile. Mar a bhí i mí Mheán Fómhair, thagair príomhoidí do thábhacht na laethanta riaracháin breise ag cur síos orthu mar 'thairbheach', 'cabhrach' nó 'riachtanach'. Fáiltíodh freisin roimh an bpacáiste maoinithe breise, le freagraí ag tagairt do luach na ndeontas le cur ar chumas scoileanna a gcuid foirgneamh agus seomraí ranga a ullmhú lena n-athoscailt. Thug príomhoidí eile dá n-aire an ról tábhachtach atá ag aiseanna COVID-19 i gcur i bhfeidhm na n-athruithe lóistíochta a theastaíonn, agus labhair siad go dearfach faoin

tacaíocht a sholáthraíonn ionadaí na n-oibrithe ceannais. Maidir le hionaid Ógtheagmhála, thuairiscigh an tríú rath is minice i dtimpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chur chun cinn a bhaineann leis na tacaíochtaí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí mar chomhlachtaí bainistíochta na mBord Oideachais agus Oiliúna, agus seirbhísí comhairleoireachta.

*Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Mar thoradh ar na bearta atá i bhfeidhm tá tuiscint ar ord, slándáil agus suaimhneas intinne do dhaltaí agus do thuismitheoirí.*
- *Léiríonn na daltaí athléimneacht agus dearfach agus comhlíonann siad go héasca gach córas sláinte agus sábháilteachta ar scoil.*

*Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *Tá an scoil an-ordúil agus eagraithe go maith (sosanna agaithe; bealaí isteach/bealaí amach éagsúla; nósanna imeachta); tá sé níos éasca maoirseacht chlóis a dhéanamh.*
- *Mothú ar normáltacht a choinneáil sa scoil; pobal na scoile ar fad ag obair le chéile; díriú ar chumarsáid le thuismitheoirí/scoláirí.*

*Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí ionad Ógtheagmhála*

- *Fill ar ais go sábháilte chuig an ionad agus ionduchtú scoláirí. Gach éinne ag comhlíonadh na rialacha agus meas acu ar a chéile.*
- *Athosclaíodh go réidh i mí Mheán Fómhair mar thoradh ar phleanáil agus ullmhúchán éifeachtach i rith an tsamhraidh.*

## 4.2.2 Dúshlán

Dúshlán maidir le prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú	Freagraí ó phríomhoidí bun scoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí <sup>5</sup>
Glanadh/Sláintíocht/Trealamh Cosanta Pearsanta (agus gach saincheist a bhaineann le soláthar agus/nó airgeadas)	241 (17%)	49 (16%)	2 (2%)	292
Cóiríocht scoile (méid an ranga san áireamh)	169 (12%)	62 (21%)	31 (36%)	262
Cumarsáid leis an Roinn Oideachais	179 (12%)	54 (8%)	3 (3%)	236
An scoil a athoscailt, timpeallacht shábháilte a chothabháil (lena n-áirítear Príomhionadaí Oibrithe)	167 (11%)	48 (16%)	15 (17%)	230
Comhlíonadh phobal na scoile le prótacail	156 (11%)	54 (18%)	8 (9%)	218
Cumarsáid leis an bhFeidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta (lena n-áirítear an tÚdarás Sláinte agus	114 (8%)	32 (11%)	2 (2%)	148

Sábháilteachta/saincheiste anna sláinte poiblí)				
Cumarsáid le gníomhaireachtaí eile	88 (6%)	9 (3%)	4 (5%)	101
Maoirseacht	24 (2%)	15 (5%)	0 (0%)	39
Iompar scoile	18 (1%)	6 (2%)	0 (0%)	24

### *Cúrsaí glantacháin, soláthair agus/nó airgeadais*

Maidir le gach scoil agus ionad, éascú timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a thuairiscíonn príomhoidí go minic mar dhúshlán a bhaineann le cúrsaí glantacháin, sláintíochta, soláthair agus / nó airgeadais. Bhí na hábhair inní seo le feiceáil go láidir freisin i dtuairisc Mheán Fómhair 2020 na Cigireachta ar shonraí ó phríomhoidí scoile. Rinne saincheisteanna a luaigh príomhoidí i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020 tagairt de ghnáth do dheacrachtaí le soláthar agus seachadadh Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP). Saincheist ba chúis inní ar leith ba ea an gá le príomhoidí maidir le soiléire faoi cathain a chuirfí an dara babhta maoinithe le haghaidh TCP breise ar fáil. Rinne go leor príomhoidí cur síos ar na dúshláin a bhaineann le haistarraingt sláintitheoirí<sup>6</sup> ag tabhairt faoi deara an strus breise a chruthaíonn an riachtanas freagairt don cheist seo le linn shos meántearma Dheireadh Fómhair 2020. Bhí na costais mhéadaithe a bhaineann le socruithe breise glantacháin le feiceáil go mór i bplé le príomhoidí i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020. Labhair go leor príomhoidí faoina n-inní maidir le maoiniú agus chuir siad síos ar a n-inní nach leor tacaíochtaí maoinithe sa réimse seo don chuid eile den téarma. Rinne roinnt príomhoidí trácht ar thionchar diúltach gnáthaimh agus nósanna imeachta a bhaineann le COVID ar a gcórais bainistíochta dramhaíola. Thagair siad go háirithe do mhéid agus minicíocht mhéadaithe an bhailithe bruscair agus thug siad mionsonraí ar na costais airgeadais agus chomhshaoil a bhaineann leo. Chuir freagraí ó phríomhoidí roinnt iarbhunscoileanna a ghearrann táillí béim ar na deacrachtaí ar leith a chruthaíonn a neamh-incháilitheacht tuairiscithe le haghaidh tacaíochtaí airgeadais breise.<sup>7</sup>

<sup>6</sup> D'eisigh an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara fógra athghairme táirge ar shláintitheoir íalmhe ViraPro (PCS100409) an 22 Deireadh Fómhair 2020.

<sup>7</sup> Ní raibh scoileanna a ghearrann táillí i dteideal maoiniú caipitíochta COVID go huathoibríoch ach bhí cúinsí ann ina bhféadfaidís tacaíocht a lorg ón Roinn Oideachais. Ceanglaíodh ar na scoileanna sin deacrachtaí a léiriú go soiléir maidir leis na bearta rialaithe riachtanacha a chur i bhfeidhm a leagtar amach

### *Cóiríocht fhisiciúil*

An dara dúshlán is minice a tuairiscíodh i dtimpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú a bhaineann le cóiríocht fhisiciúil na scoile nó an ionaid. Ar fud gach leibhéal, rinne príomhoidí agus comhordaitheoirí ionaid cur síos ar na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le fadú fisiceach iomchuí a bhaint amach i spás srianta sa seomra ranga. Tuairiscíodh gur chuir sé seo dúshlán bhreise roimh ionaid Ógtheagmhála. Rinne roinnt comhordaitheoirí Ógtheagmhála cur síos ar shrianta ar a gcumas freastal go sábháilte ar gach foghlaimeoir, agus thug siad breac-chuntas ar an gcaoi ar fhreagair a n-ionaid don dúshlán seo trí chur chuige comhcheangailte a ghlacadh maidir le soláthar ionad-bhunaithe agus foghlaim chumaisc. Thuairiscigh ionaid eile go raibh siad ag rothlú tinrimh ar laethanta éagsúla go dtí an fadú corpartha iomchuí.

Ar fud na dtrí earnáil, chuir go leor príomhoidí a n-ímní in iúl maidir le haeráil agus téamh seomraí ranga agus an geimhreadh ag druidim; thuairiscigh roinnt príomhoidí go bhfuair siad gearáin ó thuismitheoirí faoi sheomraí ranga fuara. Maidir leis seo, chabhraigh comhairle na Roinne maidir le bearta praiticiúla chun dea-chleachtais aerála a úsáid i scoileanna le scoileanna.<sup>8</sup> Dúshlán eile a ndéantar tagairt dó go minic sa réimse seo a bhain leis na deacrachtaí praiticiúla a bhíonn mar thoradh ar athshlánú seomraí ranga agus spásanna foghlama i roinnt scoileanna agus ionad. Rinne roinnt príomhoidí cur síos go háirithe ar an gcaoi a ndearnadh hallaí scoile a athchur go héagsúil mar sheomraí ranga, seomraí foirne nó áiteanna stórála, agus na dúshlán a bhí mar thoradh air sin mar gheall ar an easpa spáis do Chorroideachas.

### *Cumarsáid leis an Roinn*

Bhain an tríú dúshlán is minice a tuairiscíodh le hábhair ímní príomhoidí maidir le cumarsáid leis an Roinn. Thagair saincheisteanna a luadh go hiondúil maidir le huainiú na cumarsáide, agus na dúshlán a bhíonn ag príomhoidí lena chinntiú go bhfanadh siad suas chun dáta le treoir agus faisnéis eile.

### *Timpeallacht shábháilte foghlama a chothabháil*

Léirigh cainteanna le príomhoidí agus comhordaitheoirí i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020 gur dúshlán mór i gcónaí na brúnna breise a chruthaigh an obair a bhaineann le timpeallacht shábháilte a chothabháil. Thagair go leor príomhoidí agus comhordaitheoirí do na héilimh bhreise riaracháin a chruthaigh an raon prótacal COVID-19. Labhair príomhoidí faoi na deacrachtaí a bhaineann le meithleacha agus boilgeoga a bhainistiú, agus leag siad amach a n-ímní faoi na deacrachtaí a bhaineann le cloí leis an raon beart a bhaineann le COVID de réir mar a chuaigh an téarma ar aghaidh. Bhí na

---

sa *Treochlár don Fhilleadh Iomlán ar Scoileanna* agus conas a chuideodh soláthar tacaíochta breise ón Roinn chun na deacrachtaí áirithe sin a sháru.

<sup>8</sup> Tá Céimeanna Praiticiúla chun Dea-Chleachtais Aerála a Úsáid i Scoileanna, ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/ceimeanna-praiticiula-feidhm-a-bhaint-as-dea-chleachtais-aerála-i-scoileanna/>.

hábhair inní seo le feiceáil go láidir freisin in anailís Mheán Fómhair. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, cé gur chomhlíon na scoláirí, den chuid is mó, le linn tréimhsí ranga, bhí dúshláin ar leith ag baint le clúdach aghaidhe a bhaint agus le riachtanais achair fhisiciúil a chothabháil le linn tréimhsí áineasa. Mar a tharla i dtuairisc Mheán Fómhair 2020 na Cigireachta, labhair roinnt príomhoidí iar-bhunscoile ar na dúshláin a chruthaíonn grúpa tuismitheoirí i gcoinne caitheamh cumhdaigh aghaidhe. Tarraingíodh aird ar iompar scoile freisin mar réimse inní ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Ábhar inní ar leith a thuairiscigh roinnt príomhoidí ná nár sainathnódh go huathoibríoch daltaí/scoláirí a bhí i dteagmháil le dalta/scoláire a d'úsáid an bus scoile agus a ndearnadh diagnóis ina dhiaidh sin go raibh COVID-19 orthu, mar dhlúth-theagmhálacha le COVID-19.

### *Maoirseacht agus ionadú*

Mar a léiríodh i dtuairisc Mheán Fómhair 2020, thuairiscigh líon mór príomhoidí go raibh dúshláin i réimsí na maoirseachta agus na hionadaíochta fós ag dul i bhfeidhm ar a gcumas timpeallacht shábháilte foghlama a sholáthar. Rinneadh tagairt go minic don deacracht múinteoirí ionaid a fháil, agus tugadh faoi deara go raibh dúshláin le feiceáil go háirithe i scoileanna trí mheán na Gaeilge agus in ionaid Ógtheagmhála. Tuairiscíodh go raibh sé deacair do scoileanna Cúntóirí Riachtanas Speisialta ionaid a fháil. Bhain saincheist bhreise go háirithe le hionaid Ógtheagmhála, leis na deacrachtaí a bhaineann le bia a ullmhú agus a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtúil sa chomhthéacs reatha. Rinne cúpla comhordaitheoir Ógtheagmhála cur síos ar an gcaoi a raibh tionchar diúltach ag dúnadh ceaintíní ar fholláine foghlaimeoirí.

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Bhí an próiseas soláthair dúshlánach*
- *Is cúis díospóireachta leanúnach i measc na foirne aeráil seomraí a mbíonn teocht fuar mar thoradh orthu.*

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *An-ímníoch faoi leanúint de dheontais le haghaidh TCP: an easpa soiléireachta a fheictear maidir le sruthanna maoinithe do TCP.*
- *Ímní faoi bhainistíocht nuair a athraíonn an aimsir sa gheimhreadh – is cúis inní é go gcuirfidh sé seo isteach ar aeráil agus ar shosanna masc lasmuigh.*

#### *Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála*

- *Ciallaíonn an riachtanas achair shóisialta dhá mhéadar gur féidir le sé fhoghlaimeoir déag ionad ar fad a fháil in ionad cúig áit is fiche.*
- *Dúnadh áiseanna ceaintín agus ní fhaigheann foghlaimeoirí bricfeasta ná lón.*

### 4.2.3 Sintéis na bpríomhphointí

- Bhí na príomhoidí sásta gur éirigh go hiontach leis an bpróiseas athoscailt scoile agus timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chur chun cinn.
- Cé go raibh dúshlán phraiticiúla le feiceáil, thuairiscigh príomhoidí/comhordaitheoirí faoi na bearta nua a bhí i bhfeidhm go raibh tuiscint ar ord, slándáil agus socair do phobail scoile mar thoradh orthu.
- Tuairiscíodh leibhéal arda comhlíonta ar fud scoileanna agus ionad, agus chuir foghlaimeoirí agus baill foirne gnáthaimh agus prótacail i bhfeidhm go rathúil.
- Tuairiscíodh gur dúshlán suntasach é do phríomhoidí agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála múinteoirí ionaid a aimsiú.

## 4.2 An curaclam a sheachadadh sa scoilbhliain 2020/21

### 4.2.1 Éachtaí

Éachtaí a bhaineann le seachadadh an churaclaim i rith na bliana 2020/21	Freagraí ó phríomhoidí bun scoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí
Teicneolaíochtaí digiteacha	366 (25%)	138 (46%)	37 (43%)	541
Teagasc lena n-áirítear cur i bhfeidhm an churaclaim	375 (26%)	68 (23%)	27 (31%)	470
Gnóthachtáil foghlaimeora	60 (4%)	10 (3%)	18 (21%)	88
Measúnú	30 (2%)	16 (5%)	0 (0%)	46
Obair bhaile	23 (2%)	2 (1%)	1 (1%)	26

### *Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid*

De réir thorthaí na tuarascála seo, bhí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna níos oilte maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim agus bhí feabhas ann maidir le leibhéal na n-acmhainní digiteacha atá ar fáil anois don fhoireann/do scoláirí. Thuairiscigh cion níos airde, díreach faoi bhun leath (46%) de phríomhoidí iar-bhunscoile, éachtaí ina leith seo le cion comhchosúil de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála(43%) a shainaithin é mar phríomhrath. Chuir go leor príomhoidí síos ar a n-áthas ar a fheiceáil dóibh conas a bhí teicneolaíochtaí digiteacha leabaithe i gcleachtais churaclaim agus mheasúnaithe. Thug príomhoide amháin faoi deara go raibh ‘luas an athraithe in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag múinteoirí claochlaitheach agus tá lúcháir ar scoláirí’. Téama comónta ar fud na bunscoile agus na hiar-bhunscoile ba ea an rath a bhí ar scoileanna aonair i dtacú le hullmhacht, muinín agus scileanna múinteoirí agus foghlaimeoirí sa réimse seo. Luaigh príomhoidí freisin an chaoi a raibh teicneolaíochtaí digiteacha ag éascú comhoibriú agus cumarsáid múinteoirí ar fud phobal na scoile i gcoitinne. Thug go leor príomhoidí bunscoile faoi deara freisin go raibh ról lárnach ag ardáin dhigiteacha ina gcur chuige maidir le hobair bhaile a shannadh agus a athbhreithniú.

Rinne comhordaitheoirí Ógtheagmhála cur síos freisin ar éachtaí in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha; thug aon chomhordaitheoir déag (13%) faoi deara go raibh rochtain ag baill foirne ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach sa cheantar. Thuairiscigh beagnach an cúigiú cuid (18%) de chomhordaitheoirí go raibh na hionaid ag soláthar ríomhairí glúine d’foghlaimeoirí. Thuairiscigh roinnt ionad seachadadh rathúil curaclaim trí theaghlaim de fhoghaim ar an láthair agus de chianfhoghlaim.

### *Cur chuige teagasc*

Thuairiscigh líon suntasach príomhoidí gur éirigh leo sa teagasc. Thuairiscigh timpeall an ceathrú cuid de phríomhoidí bunscoile (26%) agus iar-bhunscoile (23%), agus díreach faoi bhun an tríú cuid de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála (31%) gur éirigh leo. Labhair príomhoidí bunscoile faoin gcaoi ar dhírigh múinteoirí i dtosach ar athbhreithniú agus ar chomhdhlúthú na foghlama ó ranganna daltaí roimhe seo. Bhí siad tar éis dul ar aghaidh anois chun an curaclam a chur i bhfeidhm go hiomlán. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara go raibh go leor foghlaimeoirí ag taispeáint leibhéal arda díograis i leith a gcuid foghlama nua. Labhair go leor príomhoidí go dearfach faoi na cineálacha cur chuige cruthaitheacha agus nuálaíocha a úsáideann múinteoirí chun an curaclam a chur i bhfeidhm. D’éirigh go maith le húsáid na gcur chuige comhtháite, le go leor príomhoidí ag cur síos ar an gcaoi a raibh sé seo ag saibhriú eispéiris foghlama na ndaltaí. Thagair go leor príomhoidí do níos lú seachráin ó chuariteoirí seachtracha, ag tabhairt dá haire go raibh tionchar dearfach aige seo ar chur i bhfeidhm a scoile ar an gcuraclam.

Ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, chuir go leor príomhoidí síos ar úsáid rathúil na timpeallachta lasmuigh chun tacú le foghlaim ghníomhach. Labhair roinnt príomhoidí iar-bhunscoile go dearfach faoi chinneadh a scoile ceachtanna uair an chloig a oibriú. Rinne go leor príomhoidí iar-bhunscoile cur síos ar an gcaoi a raibh ceachtanna praiticiúla ag rith go maith, agus thug siad breac-chuntas ar na bearta sábháilteachta breise a cuireadh i bhfeidhm sna ranganna seo. Thuairiscigh roinnt iar-bhunscoileanna gur éirigh leo ina gclár



Idirbhliana, agus rinne siad cur síos ar an gcaoi a ndearna comhordaitheoirí athbhreithniú ar an bplean d'idirbhliain lena chinntiú go leanfadh scoláirí ar aghaidh ag fáil réimse leathan gníomhaíochtaí oideachais. Mar sin féin, thug príomhoidí iar-bhunscoile eile le fios nach raibh a gcuid scoileanna in ann an leibhéal céanna eispéiris d'fhoghlaim a mhacasamhlú agus a bhí i mblianta roimhe seo. Thug go leor de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála faoi deara go raibh scoláirí gafa go maith leis an bhfoghlaim agus go raibh siad ag oiriúnú go maith dá dtimpeallacht nua foghlama.

*Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Táthar ag ath-chaidreamh go rathúil leis an gcuraclam ar fud gach réimse. Tá an scoil ag obair ar phlean litearthachta a fhorbairt don todhchaí.*
- *Tá na páistí ar ais, tá tús curtha leis an bhfoghlaim agus tá na múinteoirí ag leathnú an churaclaim go mall chun ábhair OSIE agus sna h-ealaíona a áireamh.*

*Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *Tá an fhoireann ag úsáid agus ag ionchorprú teicneolaíochtaí digiteacha go maith sa teagasc agus san fhoghlaim.*
- *Fill ar ais go rathúil agus go forásach ar obair phraiticiúil agus ar an raon fairsing gníomhaíochtaí is gnách sa scoil ar bhealach sábháilte.*

*Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála*

- *Ghníomhaigh an phaindéim mar chatalaíoch chun foghlaim dhigiteach/foghlaim chumaisc a chur chun cinn - ceannaíodh agus tugadh gairis nua do scoláirí.*
- *Tá an curaclam á sheachadadh. Bhain gach foghlaiméir a raibh gá leis dul chun cinn a leibhéal QQI<sup>9</sup> amach; foghlaiméirí a fheastalaíonn gach lá maidin nó tráthnóna.*

---

<sup>9</sup> Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

## 4.2.2 Dúshlán

Dúshlán maidir leis an gcuraclam a sheachadadh i rith na scoilbhliana 2020/21	Freagraí ó phríomhoidí bunscoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí
Teagasc agus Foghlaim (gnóthachtáil foghlaimeora, difreáil)	294 (20%)	9 (3%)	6 (7%)	309
Foghlaimeoirí le riachtanais bhreise (riosca ard/an-ard, RSO, Lucht Siúil, tagairt do mhúinteoirí RSO)	224 (15%)	21 (7%)	2 (2%)	247
Teicneolaíochtaí digiteacha agus/nó cianfoghhlaim	149 (10%)	32 (11%)	27 (31%)	208
Cur i bhfeidhm an churaclaim	129 (9%)	18 (6%)	5 (6%)	152
Measúnú	75 (5%)	9 (3%)	2 (2%)	86
Saincheisteanna a bhaineann le scrúduithe	0 (0%)	42 (14%)	9 (10%)	51
Ábhair phraiticiúla	19 (1%)	26 (9%)	6 (7%)	51
Gníomhaíochtaí breise/comhchuraclaim	31 (2%)	12 (4%)	0 (0%)	43
Creimeadh an ama teagaisc	29	7	0	36

	(2%)	(2%)	(0%)	
Comhoibriú múinteoirí	28 (2%)	3 (1%)	0 (0%)	31
Acmhainní a bhainistiú don teagasc agus don fhoghlaim	18 (1%)	5 (2%)	0 (0%)	23
Idirbhliain	0 (0%)	17 (6%)	0 (0%)	17

### *Gnóthachtáil foghlaimeoirí agus soláthar do raon riachtanas na bhfoghlaimeoirí*

Ar fud na scoileanna agus na n-ionad go léir, bhain an dúshlán is forleithne leis an gcuraclam a sheachadadh a thuairiscigh príomhoidí agus comhordaitheoirí le saincheistanna a bhaineann le gnóthachtáil foghlaimeoirí agus le soláthar do raon riachtanas na bhfoghlaimeoirí. Thagair mionlach suntasach de phríomhoidí bunscoile do na dúshláin (20%). Luaigh príomhoidí bunscoile inní maidir le gnóthachtáil litearthachta daltaí níos óige. Tuairiscíodh inní freisin maidir le gnóthachtáil uimhearthachta daltaí níos sinsearaí. Tarraingíodh aird ar an dúshlán seo freisin ag cruinnithe cigirí inar tugadh faoi deara go raibh inní mhór ar go leor príomhoidí bunscoile faoin drochthionchar a bheadh ag an dúnadh ar dhaltaí níos óige, go háirithe i réimsí mar fhorbairt feasachta fóineolaíochta foghlaimeoirí agus a gcumas oibriú go neamhspleách. Thug príomhoidí i roinnt bunscoileanna Béarla faoi deara go raibh tionchar diúltach ag an tréimhse dúnta fada ar inniúlacht béil Gaeilge na ndaltaí. Thuairiscigh roinnt príomhoidí i scoileanna trí mheán na Gaeilge go raibh inniúlacht na bhfoghlaimeoirí i nGaeilge béil agus cluastuisceana laghdaithe mar thoradh ar an tréimhse dúnta fada scoile.

Bhí céatadán na bpríomhoidí iar-bhunscoile agus na gcomhordaitheoirí Ógtheagmhála a thuairiscigh inní i réimsí gnóthachtála foghlaimeoirí agus soláthar do raon riachtanas foghlaimeoirí níos lú go comhréireach ná an leibhéal ag an mbunscoil, agus ní raibh ach 3% de phríomhoidí iar-bhunscoile agus 7% de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála ag aibhsiú buarthaí. Chuir roinnt príomhoidí iar-bhunscoile béim ar dhifriochtaí i ngnóthachtáil foghlaimeoirí ag leibhéal an dara agus an chúigiú bliain.

Chuir 13% de phríomhoidí/chomhordaitheoirí ar fud na dtrí earnáil béim ar dhúshláin a bhaineann lena chinntiú go raibh siad ag soláthar go cuí d'fhoghlaimeoirí a raibh riachtanais bhreise acu. Rinne príomhoidí cur síos ar na deacrachtaí ar leith a bhí acu maidir le foghlaimeoirí ó ranganna speisialta a imeascadh i ranganna príomhshrutha agus thug siad

faoi deara freisin an líon méadaithe foghlaimeoirí a dteastaíonn tacaíocht uathu. Thuairiscigh roinnt príomhoidí go raibh leibhéal níos airde riachtanas ag foghlaimeoirí, mar shampla saincheisteanna a bhaineann le himní. Thagair roinnt príomhoidí do na dúshlán ar leith a chruthaigh an phaindéim do leanaí agus do dhaoine óga den Lucht Siúil, ag lua réimse imní maidir le tinreamh, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil foghlaimeoirí. Ag cruinnithe cigirí, tugadh faoi deara go raibh roinnt scoileanna ag cur béime níos mó ar thacaíocht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí trí chur chuige aistarraingthe. I bplé le cigirí, leag roinnt príomhoidí iar-bhunscoile béim ar na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le tráthchláir a eagrú le haghaidh soláthar oideachais speisialta sa scoilbhliain reatha.

### *Saincheisteanna a bhaineann le scrúdú*

Ba é an dúshlán ba mhinice a tuairiscíodh an curaclam a sheachadadh ag leibhéal iar-bhunscoile ná maidir leis an mbealach is fearr a d'fhéadfadh scoileanna tacú le hullmhúchán na scoláirí do scrúduithe teastais stáit. Thuairiscigh 14% de phríomhoidí imní maidir leis an réimse seo. Ba é seo an dara dúshlán is minice a tuairiscíodh a bhaineann le seachadadh curaclaim in ionaid Ógtheagmhála, agus thuairiscigh 10% de na comhordaitheoirí imní faoin mbealach is fearr chun tacú le foghlaimeoirí. Thagair príomhoidí don imní atá sa séú bliain reatha nach ndéanfaí scrúduithe Ardteistiméireachta 2021 sa ghnáthfhoráid mar fhreagairt ar chomhairle sláinte poiblí. Thuairiscigh roinnt comhordaitheoirí Ógtheagmhála imní go raibh scoláirí Ardteistiméireachta Feidhmeach faoi mhíbhuntáiste ar leith mar gheall ar an tréimhse dúnta ionaid.

Mar a bhí i mí Mheán Fómhair, ba léir imní faoin bpróiseas gráid ríofa freisin. Thuairiscigh cúpla iar-bhunscoil (14%) agus ionad Ógtheagmhála (10%) leibhéal arda imní i measc na foirne agus na scoláirí a d'eascair as saincheisteanna a bhaineann le córas gráid ríofa 2020, agus an tionchar sa scoilbhliain reatha. Mar shampla, dúirt roinnt príomhoidí iar-bhunscoile go raibh 'ró-mheasúnú' anois ina ghné choitianta de chleachtas múinteoirí, agus rinne siad cur síos ar an tionchar diúltach a bheadh aige seo ar fholláine na scoláirí.

### *Rochtain ar theicneolaíocht agus/nó cianfhoghlaim*

D'ainneoin na n-éachtaí a thuairiscigh go leor príomhoidí scoile agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála ar úsáid mhéadaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha, ba é dúshlán i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha agus/nó na cianfhoghlama an tríú dúshlán ba mhinice a tuairiscíodh maidir le seachadadh an churaclaim. Bhain siad seo le drochbhanda leathan, luasanna ceangail, agus rochtain éagothrom ar feistí agus ba ábhar imní ar leith iad laistigh den earnáil Ógtheagmhála, agus thuairiscigh beagnach aon trian (31%) de chomhordaitheoirí dúshlán. Thuairiscigh an séú cuid (16%) de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála nach raibh rochtain leordhóthanach ag scoláirí ar theicneolaíocht oiriúnach. Thuairiscigh 5% de na comhordaitheoirí gur ordaíodh feistí do scoláirí ach nach bhfuarthas iad go fóill. Cé go mbaineann na breathnuithe seo go príomha leis an tréimhse dúnta ionad, chiallaigh comhairle sláinte poiblí gur lean go leor ionad Ógtheagmhála ag soláthar foghlama cumaiscthe i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna. I bplé le cigirí, leag comhordaitheoirí ionad Ógtheagmhála béim ar thionchar na gceanglas breise um fhadú fisiceach do chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna le roinnt ionad ag rothlú rochtana ar an ionad agus ag soláthar

foghlama cumaiscthe do scoláirí sa bhaile. Tuairiscíodh nach bhfuair scoláirí in ionaid Ógtheagmhála eile am teagaisc aghaidh ar aghaidh de réir mar a bhog an tír go Leibhéal a Ceathair agus a Cúig den phlean Maireachtáil le COVID-19<sup>10</sup>. Tuairiscíodh go raibh bearna shuntasach mar thoradh air seo i leanúnachas foghlama na scoláirí seo.

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Is dúshlán é leanúnachas an teagaisc agus na foghlama toisc go bhfuil na páistí go léir ag céimeanna éagsúla foghlama.*
- *D'oibrigh an scoil gan staonadh chun foghlaim ghníomhach a fhorbairt agus tá sé deacair é seo a chur i bhfeidhm anois. Airíonn na daltaí uathu na buntáistí a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí seomra ranga agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim.*

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *Clúdach neamhleor idirlín agus fón póca sa scoil agus sa cheantar geografach máguaird; gach bealach ídithe chun é seo a athshlánú.*
- *Tá ceachtanna praiticiúla ag dul ar aghaidh go maith ach leanann siad de bheith dúshlánach mar tá múinteoirí inníoch faoi na rioscaí a bhaineann le Covid-19 le linn ceachtanna den sórt sin.*

#### *Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála*

- *Roimhe seo, bhí réimse leathan gníomhaíochtaí ag an ionad chun foghlaimeoirí a mhealladh agus inniúlachtaí a fhorbairt (ach anois, is é an dúshlán atá ann) conas iad seo a athsholáthar ar bhealach fíorúil.*
- *Níl an tsraith shóisearach ag agairt do scoláirí toisc nach féidir MRB1<sup>11</sup> agus MRB2 a chríochnú in aon bhliain amháin; gan aon am a fhágáil chun dul ar aghaidh chuig QQI nó ATF.<sup>12</sup>*

---

<sup>10</sup> *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: Féach ar an bPlean maidir le Maireachtáil le COVID-19 ar fáil [anseo](#).*

<sup>11</sup> Measúnú Rangbhunaithe

<sup>12</sup> Ardteistiméireacht Fheidhmeach

### 4.2.3 Sintéis na bpríomhphointí

- D'ainneoin na neamhionannas i rochtain na bhfoghlaimoirí ar theicneolaíocht, thuairiscigh líon mór scoileanna agus ionad go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta acu maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ina gcur chuige maidir le seachadadh curaclaim, measúnú, teagasc agus foghlaim.
- Tar éis díriú i dtosach ar athbhreithniú, tá go leor scoileanna tar éis dul ar aghaidh chun an curaclam a chur i bhfeidhm go hiomlán. Rinne príomhoidí cur síos ar leibhéal arda díograis na bhfoghlaimoirí maidir lena bhfoghlaim nua agus mhol siad na cuir chuige chruthaitheacha agus nuálacha a úsáideann go leor múinteoirí chun an curaclam a chur i bhfeidhm. Tá príomhoidí aireach ar na dúshlán bhreise a bhaineann leis an bpaindéim d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.

## 4.3 Folláine phobal na scoile a chur chun cinn

### 4.3.1 Éachtaí

Éachtaí i dtacú le folláine foghlaimoirí agus foirne	Freagraí ó phríomhoidí bunscoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí
Caidrimh agus cumarsáid laistigh de phobal na scoile	729 (50%)	98 (33%)	20 (23%)	847
Folláine ghinearálta iompar pobail/foghlaimora na scoile	714 (49%)	88 (29%)	27 (31%)	829

Tuairiscíodh go raibh cur chun cinn folláine pobail scoile mar ghné bhunúsach den fhilleadh rathúil ar scoil i Meán Fómhair 2020. Lean an treocht seo ar aghaidh i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020.

#### *Caidrimh agus cumarsáid laistigh de phobal na scoile*

D'aithin leath de na bunscoileanna (50%) éachtaí ina gcaidrimh agus ina gcleachtas chumarsáide laistigh de phobal na scoile. Níor tuairiscíodh an réimse seo chomh coitianta sna hearnálacha iar-bhunscoile agus na hÓgtheagmhála. D'aithin trian de phríomhoidí iar-bhunscoile (33%) agus beagnach an cúigiú cuid de chomhordaitheoirí Ógtheagmhála (22%) éachtaí maidir le caidrimh agus cumarsáid i bpobal na scoile. De ghnáth, d'admhaigh na

freagraí an tábhacht a bhaineann le caidreamh dearfach laistigh den phobal agus thagair siad don tuiscint go bhfuil tuismitheoirí, baill foirne agus foghlaimeoirí tacúil.

#### *Folláine ghinearálta*

Thuairiscigh thart ar leath na mbunscoileanna (49%) go raibh rath orthu maidir le folláine ghinearálta phobal na scoile, lena n-áirítear iompar foghlaimeoirí. Thuairiscigh beagnach aon trian de na hiar-bhunscoileanna (29%) agus na hionaid Ógtheagmhála (31%) gur éirigh leo sa réimse seo. Luadh go raibh an méadú ar líon na laethanta scaoilte breise do phríomhoidí teagaisc ag leibhéal na bunscoile an-tábhachtach do leasphríomhoidí. Tuairiscíodh freisin i Meán Fómhair 2020, go raibh tionchar dearfach ag filleadh ar struchtúr agus gnáthamh shaol na scoile ó lá go lá ar fholláine foghlaimeoirí. Tugadh faoi deara go gcuireann comhoibriú, obair foirne, nuashonruithe rialta agus cumarsáid go dearfach le folláine na foirne agus na bhfoghlaimeoirí. Chomh maith leis sin, leag comhordaitheoirí Ógtheagmhála béim ar an gcion dearfach a chuirtear le folláine foghlaimeora trí infhaighteacht comhairleoireachta.

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Tá an fhoireann thar a bheith solúbtha, tá cumas teacht aniar ag na daltaí agus ghlac siad go léir leis na gnáthaimh nua.*
- *Tá suaimhneas agus socair ann laistigh d'fhoirgneamh na scoile agus sa chlós - easpa cur isteach agus sosanna agaithe.*

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *Tá dearcadh 'is féidir linn a dhéanamh' sa scoil*
- *Is maith le scoláirí dul amach ag am lóin chun sos a fháil ó na maisc. Chruthaigh sé a lán spásanna lasmuigh agus láithreacha suí ionas go mbeidh áit dheas le dul ag na scoláirí.*

#### *Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála*

- *Tá na foghlaimeoirí ar ais agus braitheann siad sábháilte. Is breá leo an struchtúr agus an gnáthamh.*
- *Tá ríméad ar fhoghlaimeoirí a bheith ar ais, coinneáil den scoth; Is minic a bhíonn Ógtheagmháil mar áit sheasmhach do go leor foghlaimeoirí; cuirtear lón pacáilte ar fáil.*

## 4.3.2 Dúshláin

Dúshláin maidir le tacú le folláine foghlaimeoirí agus foirne	Freagraí ó phríomhoidí bunscoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí
Folláine ghinearálta múinteoirí, foirne agus/nó tuismitheoirí (lena n-áirítear inní a bhaineann le COVID)	461 (32%)	65 (22%)	18 (21%)	544
Saincheisteanna ginearálta foirne (neamhláithreacht múinteoirí, earcaíocht, ionadaithe, Cúntóirí Riachtanas Speisialta)	284 (20%)	67 (22%)	14 (16%)	365
Folláine an phríomhoide/na bainistíochta sinsearaí	241 (17%)	63 (21%)	5 (6%)	309
Folláine agus/nó iompar foghlaimeora	147 (10%)	41 (14%)	29 (33%)	217
Neamhláithreacht foghlaimeora	103 (7%)	28 (9%)	7 (8%)	138
Saincheisteanna caidrimh foirne	85 (6%)	9 (3%)	5 (6%)	99



### *Folláine ghinearálta múinteoirí, foirne agus/nó tuismitheoirí*

Cé go raibh éachtaí suntasacha soiléir i gcur chun cinn na folláine i measc phobal na scoile, bhí dúshlán shuntasacha sa réimse seo soiléir freisin; léiríodh é seo freisin san anailís ar shonraí Mheán Fómhair. Ar fud na scoileanna agus na n-ionad go léir, bhain an dúshlán is minice a tuairiscíodh sa réimse seo le folláine ghinearálta múinteoirí, foirne agus/nó tuismitheoirí. Tuairiscíodh gur dúshlán faoi leith é seo ag beagnach aon trian (32%) de phríomhoidí bunscoile, agus thart ar an gcúigiú cuid de phríomhoidí iar-bhunscoile (22%) agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála (21%). I rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna, ba léir gur fhan eagla agus imní faoi COVID-19 mar ábhar imní an-choitianta do phobail scoile. Chomh maith leis sin, rinne príomhoidí cur síos ar na deacrachtaí a bhaineann le meanma na foirne a choinneáil. Thug roinnt príomhoidí faoi deara a n-imní go raibh cumhdaigh aghaidhe ag cur le brú gutha do mhúinteoirí.

### *Saincheisteanna foirne*

Bhain an dara dúshlán is minice a tuairiscíodh le folláine a chur chun cinn le saincheisteanna ginearálta foirne i scoileanna agus in ionaid. Rinne príomhoidí agus comhordaitheoirí cur síos ar na deacrachtaí a éiríonn as neamhláithreachtaí múinteoirí, agus na dúshlán lóistíochta a eascraíonn as ganntanas múinteoirí ionaid. Thagair príomhoidí i scoileanna trí mheán na Gaeilge do dheacrachtaí maidir le hearcú múinteoirí a bhfuil an inniúlacht riachtanach acu sa Ghaeilge chun poist teagaisc fholmha a líonadh. I mí Mheán Fómhair, rinne sciar suntasach de na freagraí tagairt do na dúshlán sa réimse seo.

### *Folláine príomhoidí agus ceannairí scoile*

Bhain an tríú dúshlán is minice a tuairiscíodh le folláine príomhoidí agus ceannairí scoile. Tháinig sé seo chun cinn i ndáiríre mar théama ceannasach i mí Mheán Fómhair agus bhí go leor de na saincheisteanna a sainaithníodh an-ábhartha i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna. Thug freagraí ar fud na dtír earnáil faoi deara na deacrachtaí suntasacha a bhíonn mar thoradh ar éilimh mhéadaithe riaracháin na scoilbhliana seo. I measc na saincheisteanna a bhain go sonrach le príomhoidí iar-bhunscoile agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála, bhí na dúshlán bhreise ba chúis le sceidealú scrúduithe na hArdeistiméireachta i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

### *Folláine an fhoghlaimora*

As na trí earnáil, tarraingíodh aird ar fholláine foghlaimora is minice in ionaid Ógtheagmhála (33%) mar réimse imní. Bhí an tábhacht a bhaineann le húsáid chuspóireach áiseanna cistine mar bhealach chun folláine foghlaimoirí a fheabhsú le feiceáil go láidir sa tráchtairacht ó chomhordaitheoirí in ionaid Ógtheagmhála; thagair imní a thuairiscítear go coitianta do dheacrachtaí i soláthar saoráidí bia te/ceaintín. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara go raibh tionchar diúltach ar a bhfolláine ag an deis laghdaithe a bhí ag scoláirí dul i mbun gníomhaíochtaí coirp. Ardaíodh rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta freisin mar shaincheist a raibh imní mhór uirthi.

Rinne roinnt príomhoidí iar-bhunscoile cur síos ar na dúshlán a bhí ag scoláirí agus iad ag caitheamh cumhdaigh aghaidhe le linn ceachtanna, agus labhair faoina dtionchar ar dhíriú airde, gafacht leis an bhfoghlaim, rannpháirtíocht, agus gnóthachtáil foghlaimoirí. In

ainneoin na ndúshlán seo, d'admhaigh príomhoidí go raibh na scoláirí an-chomhlíontach den chuid ba mhó maidir le caitheamh cumhdaigh aghaidhe le linn tréimhsí ceachta.

Tarraingíodh aird ar cheist neamhláithreachta foghlaimeoirí mar ábhar imní a bhaineann le folláine i roinnt scoileanna agus ionad ag gach leibhéal. I measc na gcúiseanna le neamhláithreachtaí mar a thuairiscigh príomhoidí agus comhordaitheoirí ionaid bhí foghlaimeoirí á gcoinneáil sa bhaile mar thoradh ar imní tuismitheoirí nó baill teaghlaigh eile a bheith i mbaol an-ard. Le linn Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020, tháinig an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag neamhláithreachtaí foghlaimeoirí ar líon na leithdháilte foirne chun cinn mar ábhar imní ar leith ag an mbunleibhéal.

Tugadh saincheisteanna caidrimh foirne faoi deara i roinnt scoileanna agus ionad. Mar a bhí i mí Mheán Fómhair 2020, tugann freagraí ó phríomhoidí le fios gur eascair na saincheisteanna seo as tionchar na n-idirghníomhaíochtaí laghdaithe idir an fhoireann. Tuairiscíodh leibhéal arda imní i measc na foirne freisin. Thuairiscigh príomhoidí go háirithe leibhéal arda struis agus tuirse sna seachtainí roimh shos meántearma Dheireadh Fómhair 2020. Thuairiscigh comhordaitheoirí nua-cheaptha in ionaid Ógtheagmhála nach bhfuair siad aon oiliúint, ag tabhairt dá haire go raibh strus agus imní suntasach mar thoradh air seo.

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí bunscoile*

- *Imní ollmhór faoi fholláine na foirne - mothú aonraithe, cailliúint idirghníomhaíochta le comhghleacaithe.*
- *An brú ar phríomhoidí a bheith ar glao an t-am ar fad, ag bainistiú folláine na foirne ach cé atá ag bainistiú folláine príomhoidí?*

#### *Breathnóireachtaí ó phríomhoidí iar-bhunscoile*

- *Tugann réimse leathan mothúchán agus imní atá soiléir do scoláirí ó dhúnadh na scoile agus ó thús na paidéime dúshlán don scoil.*
- *Deacair don séú bliain reatha a bheith spreagtha, trína chéile faoi na gráid, buartha faoi chúrsaí srl. don bhliain seo chugainn.*

#### *Breathnóireachtaí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála*

- *Tá sláinte mheabhrach, imní go sonrach, ag dul i méid; teastaíonn an chobhsaíocht agus an gnáthamh a sholáthraíonn Ógtheagmháil d'fhoghlaimoirí.*
- *Tá leibhéal struis an-ard i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.*

### 4.3.3 Sintéis na bpríomhphointí

- Cé gur ábhar imní i gcónaí do phobail scoile imní faoi COVID-19, tuairiscíodh go raibh go leor gnéithe den soláthar le haghaidh Folláine ag obair go han-mhaith i scoileanna agus in ionaid.
- Tuairiscíodh go raibh tionchar dearfach ag struchtúr agus gnáthamh shaol na scoile ar fholláine foghlaimoirí. I gcomhráite le cigirí, rinne príomhoidí cur síos ar an gcaoi a raibh comhoibriú, obair foirne, nuashonruithe rialta agus cumarsáid go léir ag cur go dearfach le folláine na foirne agus na bhfoghlaimoirí.

## 5. Réimsí a sainaitníodh ina dteastaíonn tuilleadh comhairle ó scoileanna agus ionaid

Bhain an mhír dheiridh a ndearna cigirí fiosrú ina gcuid díospóireachtaí le príomhoidí scoile maidir le réimsí ina mbainfeadh na scoileanna leas as tacaíocht agus treoir de réir mar a chuaigh téarma Mheán Fómhair-Nollaig 2020 ar aghaidh. I roinnt cásanna, léirigh príomhoidí/comhordaitheoirí réimsí éagsúla inar mhaith leo tuilleadh tacaíochta nó treorach. Tugadh tosaíocht don teagasc agus don fhoghlaim, agus ábhair 'Eile' ina dhiaidh sin agus timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a bhunú mar na príomhréimsí le haghaidh tuilleadh tacaíochta agus comhairle.

Réimsí inar shainaithin scoileanna agus ionaid a raibh tacaíocht agus treoir de dhíth	Freagraí ó phríomhoidí bunscoile	Freagraí ó phríomhoidí iar-bhunscoile	Freagraí ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Méid iomlán na bhfreagraí
Teagasc agus Foghlaim	695	116	23	834
Eile	369	118	28	515
Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a bhunú	283	50	14	347
Measúnú	173	61	8	242
Ceannaireacht agus Bainistíocht	199	31	2	232

I 515 scoil agus ionad, thug cigirí le fios go raibh gá le tuilleadh tacaíochta nó treorach i réimsí 'eile'. I 322 de na scoileanna agus na hionaid<sup>13</sup> seo, cuireadh mionsonraí breise san

<sup>13</sup> Cuimsíonn an 322 scoil agus ionad 223 bunscoil, ochtó a sé iar-bhunscoil agus trí cinn déag d'ionaid Ógtheagmhála

áireamh chun cineál na tacaíochta nó na treorach seo a léiriú.<sup>14</sup> I roinnt cásanna, rinneadh tagairt do iliomad réimsí tacaíochta nó treorach. Ba iad na trí réimse is minice a luaitear:

- Cruinnithe a thionól (Cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí, cruinnithe boird bainistíochta, cruinnithe foirne, laethanta/oícheanta oscailte do thuismitheoirí (daichead a ceathair freagra)<sup>15</sup>
- Soláthar d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais agus speisialta acu (daichead a ceathair freagra)
- Sláinte agus sábháilteacht (tríocha sé freagra)

Sonraíonn an tábla in Aguisín 3 na réimsí 'eile' atá fágtha inar léiríodh go raibh gá le comhairle nó tacaíocht.

---

<sup>14</sup> Nuair a bhí cásanna eisiata fágtha, bhí na réimsí sonraí bunaidh folamh nó bhí faisnéis eachtrach iontu nár measadh a bheith ábhartha don anailís.

<sup>15</sup> Foilsíodh nóta treorach um thacú le comhoibriú le comhpháirtithe ar [www.gov.ie](http://www.gov.ie) i Samhain 2020.

---

## 6. Príomhthorthaí

Tá na príomhthorthaí agus na téamaí atá ag teacht chun cinn sa tuairisc seo an-chosúil leo siúd sa tuairisc roimhe seo ar sheisiúin chomhairleacha le príomhoidí i Meán Fómhair 2020. Tá dul chun cinn déanta maidir le moltaí thuarascáil Mheán Fómhair a chur i bhfeidhm cé go bhfuil bearta ann chun dul i ngleic le saincheistanna mar sholáthar múinteoirí, agus folláine ag dul ar aghaidh i gcónaí. Tá sonraí maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ar fáil in Aguisín 4. Mar sin féin, is léir sa tréimhse i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, mar a bheifí ag súil nuair a shocródh scoileanna agus foghlaimeoirí ar ais ar scoil, go raibh fócas níos mó sa tráchttaireacht ó phríomhoidí ar croí-obair na scoile - teagasc agus foghlaim.

### *Prótacail agus gnáthaimh a bhunú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú*

Lean an chuid ba mhó de na scoileanna agus de na haonaid ag feidhmiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe sa tréimhse Deireadh Fómhair go Samhain 2020. Tuairiscíodh go raibh tuiscint ar ord, slándáil agus socair do phobail scoile agus lárionaid mar thoradh ar na bearta nua atá i bhfeidhm. Tuairiscíodh leibhéil arda comhlíonta, agus chuir foghlaimeoirí agus baill foirne gnáthaimh agus prótacail i bhfeidhm go rathúil. Bhí príomhoidí dearfach faoi na hacmhainní a cuireadh ar fáil; ba dhíol suntais ar leith an maoiniú breise a cuireadh ar fáil agus na laethanta riaracháin méadaithe do phríomhoidí teagaisc i mbunscoileanna. Mar a tharla i Meán Fómhair 2020, áfach, bhí roinnt dúshlán praiticiúla fós ann agus scoileanna agus ionaid ag iarraidh comhairle sláinte poiblí a chur i bhfeidhm. Cé gur soláthraíodh infheistíocht airgeadais shuntasach do scoileanna, bhí imní ar roinnt príomhoidí nach mbeadh an maoiniú a cuireadh ar fáil chun tacú le cleachtais éifeachtacha maolaithe víris leordhóthanach chun freastal ar riachtanais leanúnacha sa réimse seo.

### *Tacú le folláine foghlaimeoirí agus foirne*

Tuairiscíodh go raibh cur chun cinn folláine pobail scoile mar ghné thábhachtach den fhilleadh rathúil ar scoil i Meán Fómhair 2020. D'éirigh go maith leis seo i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020. Cé gur ábhar imní i gcónaí do phobail scoile imní faoi COVID-19, tuairiscíodh go raibh go leor gnéithe den soláthar folláine ag obair go han-mhaith i scoileanna agus in ionaid. Thuairiscigh príomhoidí agus comhordaitheoirí go raibh comhoibriú, comhar, obair foirne, nuashonruithe rialta agus cumarsáid go léir ag cur go dearfach le folláine na foirne agus na bhfoghlaimeoirí. Tuairiscíodh arís go raibh leibhéil struis agus imní i measc phobail na scoile ard, áfach. Ba léir an gá le tacaíocht leanúnach do leasphríomhoidí, ceannairí scoile agus múinteoirí.

### *An curaclam a sheachadadh i rith na scoilbhliana 2020/21*

Thuairiscigh príomhoidí agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála gur oibrigh scoileanna agus ionaid chun teicneolaíochtaí digiteacha a dhéanamh mar ghné chomhtháite den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú. Ghlac go leor ionad, scoileanna, múinteoirí agus foghlaimeoirí ardáin, feidhmchláir agus modhanna nua foghlama. Mar sin féin, bhí

deacrachtaí ag roinnt suíomhanna le nascacht le leathanbhanda ardluais, ag teorannú a ndeiseanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ina gcur chuige i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Bhí go leor scoileanna tar éis dul ar aghaidh chun an curaclam a chur i bhfeidhm go hiomlán. Rinne príomhoidí agus comhordaitheoirí cur síos ar leibhéal arda díograis na bhfoghlaimoirí maidir lena bhfoghlaim nua agus mhol siad na cuir chuige cruthaitheacha agus nuálaíocha a úsáideann go leor múinteoirí. Mar ba léir i dtuairisc Mheán Fómhair 2020, d'fhan príomhoidí agus comhordaitheoirí ar an airdeall faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréimhse fhada ar dhúnadh scoileanna agus ionad ar fhoghlaimoirí. Bhí an ganntanas in infhaighteacht múinteoirí ionaid agus múinteoirí gearrthéarmacha eile ina dhúshlán do príomhoidí agus do cheannairí scoile.

---

## 7. Príomhchonclúidí

- Thaispeáin príomhoidí gur lean scoileanna agus ionaid ag feidhmiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe i rith Mheán Fómhair-Nollag 2020.
- Tá sé riachtanach go leanfar le hacmhainní a chur ar fáil chun tacú le maolú leanúnach an víris mar a athosclaíonn scoileanna.<sup>16</sup>
- Bhí soláthar múinteoirí fós ina dhúshlán do phríomhoidí agus do cheannairí scoile.
- I gcás go leor scoileanna, bhí rochtain ar leathanbhanda fós ina dhúshlán.
- Tá tacaíochtaí folláine fós tábhachtach i gcomhthéacs folláine na foirne agus an fhoghlaimora.
- Tá sé tábhachtach go bhfanfaidh scoileanna ar an airdeall maidir le freastal ar riachtanais foghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus a leanann ar aghaidh ag foghlaim i dtimpeallacht iargúlta toisc go bhfuil siad an-leochaileach ó COVID-19.

---

<sup>16</sup> An 7 Eanáir 2021, dheimhnigh an tAire Oideachais go bhfanadh gach scoil dúnta d'fhoghlaimoirí ón 11 Eanáir 2021 ar feadh thréimhse trí seachtaine a leathnaíodh ina dhiaidh sin chun comhairle sláinte phoiblí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh. Athosclaíodh scoileanna speisialta agus ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha do dhaltai/scoláirí i mí Feabhra 2021. Ag tráth foilsithe na tuarascála seo, bhí pleananna i bhfeidhm chun scoileanna a athoscailt de réir a chéile do gach scoláire eile i Márta 2021.



## Aguisín 1

<b>Líon na bpríomhoidí/gcomhordaitheoirí a thuiriscigh éachtaí i réimsí sonraithe<sup>17</sup></b>				
<b>Réimse inar tuairiscíodh éachtaí</b>	Líon na bpríomhoidí bunscoile <sup>18</sup>	Líon na bpríomhoidí iar-bhunscoile	Líon na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála	iomlán
An scoil a athoscailt/timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú agus a chur chun cinn	1077 (74%)	198 (66%)	45 (52%)	1320
Caidrimh agus cumarsáid laistigh de phobal na scoile	729 (50%)	98 (33%)	20 (23%)	847
Folláine ghinearálta iompar pobail/foghlaimora na scoile	714 (49%)	88 (29%)	27 (31%)	829
Measúnú	30 (2%)	16 (5%)	0 (0%)	46
Teicneolaíochtaí digiteacha	366 (25%)	138 (46%)	37 (43%)	541
Comhlíonadh phobal na scoile le prótacail	409 (28%)	101 (34%)	18 (21%)	528

<sup>17</sup> Sa chás gur tugadh freagraí iolracha ar ais do limistéar aonair, rinneadh lascainiú orthu seo. Áiríodh freagraí iomadúla a tharla laistigh de limistéar aonair mar tharluithe aonair amháin.

<sup>18</sup> Mar a tugadh le fios cheana, bá é líon iomlán na scoileanna agus na n-ionad 1, 453 bunscoil, 300 iar-bhunscoil agus ochtó a seacht ionad ógtheagmhála. Is iad na huimhreacha sa tábla líon na bpríomhoidí/gcomhordaitheoirí i ngach earnáil. Is sciar de líon iomlán na scoileanna/ na n-ionad i ngach earnáil an céatadán.

Teagasc lena n-áirítear cur i bhfeidhm an churaclaim	375 (26%)	68 (23%)	27 (31%)	470
Níor tugadh aon fhreagra	265 (18%)	37 (12%)	18 (21%)	320
Tacaíochtaí ón Roinn Oideachais	176 12%	28 (9%)	2 (2%)	206
Tacaíochtaí ó ghníomhaireachtaí eile	61 4%	20 (7%)	16 (18%)	97
Gnóthachtáil foghlaimeora	60 (4%)	10 (3%)	18 (21%)	88
Ginearálta <sup>19</sup>	45 (3%)	10 (33%)	4 (5%)	59
Obair bhaile	23 (2%)	2 (1%)	1 (1%)	26
Soláthar lúil/campaí samhraidh	29 (2%)	3 (1%)	0 (0%)	32

<sup>19</sup> Ba iad na míreanna freagartha a rangáidh mar 'ghinearálta' ná iad siúd nach raibh ach líon beag díobh agus nach bhféadfaí a nascadh le téamaí sonraí eile.

## Aguisín 2

Forbheathnú ar líon na bpríomhoidí a thuiriscigh dúshláin i réimsí sonraithe				
Réimse inar tuairiscíodh dúshláin	Líon na bpríomhoidí bun scoile	Líon na bpríomhoidí iar-bhunscoile	Líon na gcomhordaitheoirí Ógtheagmhála	Iomlán
Folláine ghinearálta múinteoirí, foirne agus/nó tuismitheoirí (lena n-áirítear imní a bhaineann le COVID)	461 (32%)	65 (22%)	18 (21%)	544
Níor tugadh aon fhreagra	371 (26%)	45 (15%)	17 (20%)	433 <sup>20</sup>
Saincheisteanna ginearálta foirne (neamhláithreachta múinteoirí, earcaíocht, ionadú, Cúntóirí Riachtanas Speisialta)	284 (20%)	67 (22%)	14 (16%)	365
Teagasc agus Foghlaim (gnóthachtáil/difreáil foghlaimeora)	294 (20%)	30 (10%)	6 (7%)	330
Folláine an phríomhoide/na bainistíochta sinsearaí	241 (17%)	63 (21%)	5 (6%)	309
Glanadh/Sláintíocht/Trealamh Cosanta Pearsanta (agus gach saincheist a bhaineann le soláthar agus/nó airgeadas)	241 (17%)	49 (16%)	2 (2%)	292
Cóiríocht scoile (méid an ranga san áireamh)	169	62 (21%)	31	262

<sup>20</sup> I gcásanna den sórt sin, de ghnáth chuir cigirí isteach sonraí le haghaidh réimse amháin, agus níor ghá dóibh na réimsí eile a áireamh. Rinneadh réimsí sonraí folmha a aicmiú ina dhiaidh sin mar mhíreanna 'gan freagra'.

	(12%)		(36%)	
Foghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu (riosca ard/an-ard, Riachtanais Oideachais Speisialta, Lucht Siúil, tagairt do soláthar Mhúinteoir Oideachais Speisialta	224 (15%)	21 (7%)	2 (2%)	247
An scoil a athoscailt, timpeallacht shábháilte a chothabháil (lena n-áirítear Príomhionadaí Oibrithe)	167 (11%)	48 (16%)	15 (17%)	230
Comhlíonadh phobal na scoile le prótacail	156 (11%)	54 (18%)	8 (9%)	218
Teicneolaíochtaí digiteacha agus/nó cianfhoghlaim	149 (10%)	32 (11%)	27 (31%)	208
Folláine agus/nó iompar foghlaim	147 (10%)	41 (14%)	29 (33%)	217
Cumarsáid leis an Roinn Oideachais	179 (12%)	24 (8%)	3 (3%)	206
Cur i bhfeidhm an churaclaim	129 (9%)	18 (6%)	5 (6%)	152
Cumarsáid le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (lena n-áirítear an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta/saincheisteanna sláinte poiblí)	114 (8%)	32 (11%)	2 (2%)	148
Neamhláithreachtaí foghlaim	103 (7%)	28 (9%)	7 (8%)	138
Ginearálta	98	12	17	127

	(7%)	(4%)	(20%)	
Cumarsáid le gníomhaireachtaí eile	88 (6%)	9 (3%)	4 (5%)	101
Saincheisteanna caidrimh foirne	85 (6%)	9 (3%)	5 (6%)	99
Measúnú	75 (5%)	9 (3%)	2 (2%)	86
Saincheisteanna a bhaineann le scrúdú	0 (0%)	42 (14%)	9 (10%)	51
Pleanáil do dhúnadh scoileanna sa todhchaí	48 (3%)	3 (1%)	0 (0%)	51
Ábhair phraiticiúla	19 (1%)	26 (9%)	6 (7%)	51
Creimeadh an ama teagaisc	29 (2%)	7 (2%)	0 (0%)	36
Gníomhaíochtaí breise comhchuraclaim	31 (2%)	12 (4%)	0 (0%)	43
Maoirseacht	24 (2%)	15 (5%)	0 (0%)	39
Comhoibriú múinteoirí	28 (2%)	3 (1%)	0 (0%)	31
Iompar scoile	18	6	0	24

	(1%)	(2%)	(0%)	
Acmhainní a bhainistiú don teagasc agus don fhoghlaim	18 (1%)	5 (2%)	0 (0%)	23
Idirbhliain	0 (0%)	17 (6%)	0 (0%)	17

### Aguisín 3

<b>Réimsí eile inar léiríodh comhairle/tacaíocht bhreise</b>				
<b>Réimse inar léirigh comhairle/tacaíocht bhreise</b>	Líon na bpríomhoidí bunskoile	Líon na bpríomhoidí iar-bhunscoile	Líon na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála	lomlán
Cruinnithe a thionól (Tuismitheoir-múinteoir, Bord, foireann, laethanta/oícheanta oscailte)	27	17	0	44
Soláthar d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais agus speisialta acu	37	6	1	44
Sláinte agus Sábháilteacht	25	8	3	36
Bainteach leis an bhFeidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta	19	3	0	22
Tacaíochtaí do cheannaireacht scoile/Folláine ceannairí scoile	16	5	0	21
Scrúduithe teastais	0	19	1	20
Neamhláithreacht foghlaimora (lena n-áirítear neamhláithreachtaí a bhaineann le COVID)	14	5	1	20
Tacaíochtaí folláine don fhoireann	12	5	1	18
Pleanáil agus/nó cur i bhfeidhm curaclaim	16	0	1	17
Ionadaíocht	14	3	0	17
Cóiríocht agus foirgneamh scoile	12	3	0	15

Cúrsaí airgeadais	11	4	0	15
Ginearálta	13	2	0	15
Cumarsáid leis an Roinn Oideachais	12	2	0	14
Pleanáil theagmhasach do dhúnadh scoileanna	10	2	1	13
Soláthar foirne lena n-áirítear acmhainní/coinneáil	6	5	0	11
Pleanáil agus/nó cur i bhfeidhm DEIS	6	3	0	9
Gníomhaíochtaí seach-churaclaim	7	2	0	9
Teicneolaíochtaí digiteacha	6	1	1	8
Ábhair phraiticiúla	2	4	1	7
Saincheisteanna a bhaineann le himscaradh agus/nó leithdháileadh Cúntóir Riachtanas Speisialta	3	3	0	6
Cianteagasc/sruthú beo ceachtanna	3	3	0	6
Idirbhliain	0	6	0	6
Measúnú	3	1	1	5
Saincheisteanna rollaithe	4	1	0	5
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach	0	3	2	5
Torthaí foghlaimeora	4	0	1	5
Neamhláithreacht foirne	4	1	0	5
Obair bhaile	3	0	0	3
Eispéiris an fhoghlaimeora	0	3	0	3



Caidreamh le tuismitheoirí	3	0	0	3
Féinmheastóireacht scoile	2	1	0	3
Comhoibriú foirne	3	0	0	3
Mic léinn ar shocrúchán scoile	3	0	0	3

## Aguisín 4

Moltaí i dtuairisc Mheán Fómhair	Stádas tráth foilsithe na tuarascála seo
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais TCP na scoileanna chun a chinntiú go bhfuil méideanna leordhóthanacha ag scoileanna de réir a bpleananna freagartha COVID-19.</li> </ul>	<p>Le linn a gcuid seisiún comhairleach a reáchtáladh le scoileanna i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhna 2020, bhailigh cigirí faisnéis faoi riachtanais TCP na scoileanna agus na n-ionad. Roinneadh an fhaisnéis seo leis na rannáin ábhartha den Roinn chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht.</p> <p>Rinneadh athbhreithniú ar mhaoiniú don bhliain acadúil 2021/2022 de réir na comhairle sláinte poiblí is déanaí atá ar fáil. Leithdháileadh cúlchiste teagmhasach lárnach i mBuiséad 2021 ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chuimsigh cistí a bhí curtha in áirithe do scoileanna don chuid eile de 2021. In oirchill ar an tuairisceáin phleanáilte ar scoil i mí Eanáir 2021, iarradh ar scoileanna a chinntiú go raibh gach ceann de na bearta comhairle sláinte poiblí fós i bhfeidhm, lena n-áirítear comhairle nuashonraithe do CRSanna agus maisc ghrád leighis agus TCP iomchuí a sholáthar. Dheimhnigh an Roinn Oideachais freisin go gcuirfí maoiniú ar fáil don TCP riachtanach go léir don téarma Eanáir-Márta 2021. Moladh do scoil ar bith a raibh maoiniú breise de dhíth uirthi le haghaidh TCP, nó a raibh fadhbanna aici maidir le soláthar, teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an mbrú reatha a bhaineann le hobair ar phríomhoidí; d'fhéadfadh go mbeadh gá le tacaíochtaí agus acmhainní breise de réir mar a leanann an scoilbhliain ar aghaidh.</li> </ul>	<p>Leanann an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF, EAS) ag soláthar comhairle agus tacaíochta do phríomhoidí agus do mhúinteoirí maidir le saincheisteanna sláinte agus folláine san ionad oibre. Mar chuid den SCF, tá Spectrum Life ag cur sraith seimineár</p>

	gréasáin agus cur i láthair ar fáil chun folláine a chur chun cinn i scoileanna le linn 2020/2021.
<ul style="list-style-type: none"> <li>De réir mar a leanann an scoilbhliain ar aghaidh, caithfear na tacaíochtaí folláine a chuirtear ar fáil do scoileanna a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfanfaidh siad reatha agus freagrúil do riachtanais athraitheacha pobail scoile.</li> </ul>	<p>D'eisigh NEPS litir chuig gach scoil go luath i mí na Samhna 2020 ag imlíniú a gcuid pleananna le haghaidh oibre i scoileanna agus tacaíocht don fholláine.</p> <p>Tá Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe na Roinne ar fáil i gcónaí chun tacú le príomhoidí agus múinteoirí. Is féidir sonraí a rochtain ag an nasc seo a leanas: <a href="#">DE - Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe</a></p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba cheart leanúint de ghníomhaíochtaí a chur chun cinn maidir le ceist an tsoláthair múinteoirí.</li> </ul>	<p>Leanann an Grúpa Stiúrtha maidir le Soláthar Múinteoirí a bhunaigh an Roinn Oideachais, agus na grúpaí oibre a thuiriscíonn dó, ag dul ar aghaidh le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba cheart úsáid fheabhsaithe a bhaint as na meáin shóisialta chun cabhrú le príomhoidí nascleanúint a dhéanamh ar an tsraith treorach agus comhairle atá ar fáil faoi láthair ar chuid COVID-19 de <a href="http://www.gov.ie">www.gov.ie</a>. Go háirithe, ba cheart bealaí meán sóisialta a úsáid chun príomhoidí a chur ar an eolas nuair a dhéantar treoir a nuashonrú, agus chun na gnéithe sainiúla treorach a leasaíodh a aithint.</li> </ul>	<p>Úsáidtear córas Esinet agus cuntas Twitter na Roinne chun comhairle a thabhairt do scoileanna nuair a eisítear nó a nuashonraítear treoir agus doiciméid eile.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht thábhachtach do gach scoil idirghabhálacha a athbhunú, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm do riachtanais áirithe foghlaimoírí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.</li> </ul>	<p>Taispeánann plé cigireachta le scoileanna agus le hionaid go bhfuil príomhoidí agus comhordaitheoirí thar a bheith feasach ar an ngá ábhar agus gníomhaíochtaí a dhifreáil chun a chinntiú go bhfuil idirghabhálacha oiriúnach do riachtanais</p>

	áirithe foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.
<p>Caithfear tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim a athmhúnlú sna cúinsí reatha. Ba cheart go mbeadh doiciméad treorach Ag Filleadh and Scoil - Idirbhliain a thairgeann samplaí praiticiúla maithe de ghníomhaíochtaí malartacha agus a chuimsíonn comhairle dhíreach ar acmhainní agus láithreáin ghréasáin ábhartha úsáideach maidir leis seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach freisin cás-staidéir a roinnt ó scoileanna ar éirigh leo réimse gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar.</p>	<p>Chomh maith leis na cáipéisí treorach a foilsíodh roimhe seo agus le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2020, d'eisigh an Roinn Oideachais treoir maidir le socruithe do cheiliúradh agus do chruinnithe deireadh téarma i mí na Nollag 2020.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaidh scoileanna de bheith ag éileamh tacaíochta ar sholáthar d'ábhair phraiticiúla lena n-áirítear Corpoideachas agus Ceol chun seachadadh curaclaim iomlán a chinntiú sa chomhthéacs reatha. D'fhéadfadh go n-áireofaí air seo a chinntiú go bhfuil scoileanna ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil mar <i>Threoir um Fhilleadh ar Scoil ar Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus Ionaid Oideachais</i> agus treoir bhreise a sholáthar nuair is gá.</li> </ul>	<p>Lean cigirí ag soláthar comhairle agus tacaíochta le linn a gcuid seisiún comhairleach le scoileanna le linn na tréimhse Deireadh Fómhair-Nollaig 2020.</p> <p>Foilsíodh nóta comhairleach ón Roinn Oideachais ar <a href="#">Chéimeanna Praiticiúla chun Dea-Chleachtais Aerála a Úsáid i Scoileanna</a> ar shuíomh gréasáin gov.ie an 30 Samhain 2020.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>De réir mar a leanann an teagasc agus an fhoghlaim ar aghaidh i gcomhthéacs nua do scoileanna, agus múinteoirí ag obair chun a chinntiú go mbíonn curaclam sofhreagrach, cothrom agus dúshlánach ag foghlaimeoirí, beidh gá fadtéarmach le tionchar na paindéime COVID-19 ar theagasc agus foghlaim a anailísiú agus a mheas.</li> </ul>	<p>Rinneadh machnamh tosaigh ar conas an moladh seo a chur chun cinn.</p>